# Revision of Application of additional increments awarded in relation to New Entrants under the Public Service Stability Agreement 2018 – 2020

**Introduction**

Circular 0034/2020 sets out the ongoing application of additional increments awarded in relation to staff recruited since 2011 (excluding teachers) under the Public Service Stability Agreement 2018-2020 and on a post 2011 payscale. The guideline sets out the method to be applied on or after the 1st March 2020. The adjustments should be applied, as appropriate, to each eligible new entrant as set out below on their next increment date.

The Circular **does not** apply to persons recruited on or before 31st December 2010.

**Additional Increments awarded at Point 3 and Point 7 for New Entrant Staff with effect from 1 March 2020**

- Eligible staff on incremental points 3 or 7, at 1st March 2020 will receive two increments (1 normal and 1 additional) on their next normal increment date.
  For clarity, the progression is:
  - Those on point 3 will move to point 5; and
  - Those on point 7 will move to point 9.

**For eligible staff on all other points:**

- All other eligible staff will progress as normal on their pay scales, until they are due to move to points 4 and 8, at which time they will benefit from the progression outlined above.

  For example on their next normal increment date:

  - Those on point 2 will move to point 3 (and will benefit from the skip in the following year, moving from point 3 to point 5).
  - Those on point 5 will move to point 6 (and benefit from the skip in two years' time, when on point 7 will move to point 9).

Financial Support Services Unit
Tel: 01-269 0677
info@fssu.ie

*22nd May 2020*

# Leasú ar na hincrimintí breise atá á gcur i bhfeidhm arna ndámhachtain maidir le hIontrálaithe Nua faoi Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018 – 2020

**Réamhrá**

Leagtar amach i gCiorclán 0034/2020 cur i bhfeidhm leanúnach incrimintí breise arna ndámhachtain maidir le foireann a earcaíodh ó bhí 2011 ann (gan múinteoirí san áireamh) faoi Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018 – 2020 agus ar scála pá tar éis 2011. Leagtar amach sa treoirlíne an modh atá le cur i bhfeidhm ar an 1 Márta 2020 nó ina dhiaidh. Ba cheart na coigeartuithe a chur i bhfeidhm, de réir mar is cuí, i leith gach iontrálaí nua atá incháilithe mar atá leagtha amach thíos, ar dháta a chéad incriminte eile.

**Ní bheidh** feidhm ag an gCiorclán maidir le daoine a earcaíodh ar an 31 Nollaig 2010 nó roimhe.

**Incrimintí Breise arna ndámhachtain ag Pointe 3 agus Pointe 7 do Bhaill Foirne atá ina nIontrálaithe Nua le héifeacht ón 1 Márta 2020**

- Aon fhoireann incháilithe atá ar phointí incriminte 3 nó 7 amhail ar an 1 Márta 2020, gheobhaidh siad dhá incrimint (gnáthcheann agus ceann breise) ar dháta a gcéad ghnáthincriminte eile. Chun críche soiléirithe, is é seo a leanas an dul chun cinn ar an scála:
  - Bogfar iad siúd atá ar phointe 3 go dtí pointe 5; agus
  - Bogfar iad siúd atá ar phointe 7 go dtí pointe 9.

**I gcás foireann incháilithe ar gach pointe eile:**

- Déanfaidh gach foireann incháilithe eile dul chun cinn ar a scálaí pá mar is gnáth go dtí go mbeidh siad réidh le bogadh chuig pointí 4 agus 8; bainfidh siad tairbhe ansin as an dul chun cinn thuasluaite. Mar shampla, ar dháta a gcéad incriminte eile:
  - Bogfaidh na daoine ar phointe 2 go dtí pointe 3 (agus bainfidh siad tairbhe as pointe a léim an bhliain dár gcionn, nuair a bhogfaidh siad ó phointe 3 go dtí pointe 5).
  - Bogfaidh na daoine ar phointe 5 go dtí pointe 6 (agus bainfidh siad tairbhe as pointe a léim i gceann dhá bhliain, nuair a bhogfaidh siad ó phointe 7 go dtí pointe 9).

An tAonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais
Guthán: 01-269 0677
info@fssu.ie

*An 22 Bealtaine 2020*